

Beartais ó dhréacht-Phlean Limistéir Áitiúil Dhún Léire 2017-2023

Caibidil 3 an Oidhreacht Nádúrtha & Thógtha

NB 1: Déanfar gach iarratas agus aon phlean de réir Bheartais HER 3, HER 4, HER 5, & HER6 de Phlean Forbartha Chontae Lú 2015-2021.

NB 2: Ach amháin má aontaítear é leis an Údarás Pleanála, i gcás is indéanta coimeádfar 10m ar leithead de bhruach-chonair saor ó fhorbairt (ach amháin le haghaidh cosán) le hais gach taobh de bhruach na hAbhann Báin ar mhaith le gnáthóga a chosaint, cáilíocht amhairc agus taitneamhachta, riachtanais rochtana maidir le cothabháil, maolú tuilte agus riachtanais caitheamh aimsire. Ba chóir aon chosán a shuí 6m ar a laghad ó bharr chiumhais na habhann.

NB 3: Chun gach gné aiceanta suime a chosaint, áit is féidir, lena n-áirítear crainn nó fála suntasacha, gnéithe suntasacha topagrafacha agus geolaíocha. Ba chóir gnéithe den sórt sin a chorprú go cúramach agus go tuisceanach isteach i ndearadh agus i leagan amach aon fhorbartha nua ceadaithe.

NB 4: Chun cosán cois abhann ar an Abhainn Bhán a éascú, timpeallacht chonair na habhann a chosaint agus raon deiseanna gníomhacha agus fulangacha caitheamh aimsire a chur ar fáil.

NB 5: Chun feabhsú a dhéanamh ar chaighdeán amhairc na n-áiteanna poiblí lena n-áirítear spásanna oscailt agus na bóithre isteach sa bhaile trí phlandú, cóireáil ardchaighdeán ar theorainneacha, comharthaíocht chuí, feabhsú na gcosán, ealaín phoiblí agus bearta maolaithe tráchta, nuair is cuí.

NB 6: Chun Líonra an Bhonneagair Ghlais i nDún Léire a chosaint, a bhreisiú agus a fhorbairt tuilleadh, agus na naisc éiceolaíocha go dtí an líonra mórthimpeall a neartú.

NB 7: Chun Líonra an Bhonneagair Ghlais a chur chun feidhme in aon mheasúnú ar thograí forbartha chun tionchar diúltach ar nascacht éiceolaíoch Dhún Léire a sheachaint.

NB 8: An Bonneagar Glas a choimeád agus a iomlánú mar chomhpháirt riachtanach de dhearadh gach forbairtí nua agus scoilteadh an líonra a mhaolú.

NB 9: Déanfar gach iarratas ar fhorbairt de réir bheartais agus chuspóirí ábhartha an Bhonneagair Ghlais atá cuimsithe i bPlean Forbartha Chontae Lú 2015-2021.

NB 10: Le cinntiú go gcosnófar gach struchtúr agus/nó a suíomh atá cuimsithe i dTaifead na Struchtúr faoi Chosaint, atá aitheanta i dTábla 3.1 de Phlean Limistéir Áitiúil Dhún Léire 2017-2023.

NB 11: Déanfar gach iarratas pleanála maidir le Struchtúr faoi Chosaint a mheasúnú de réir bheartais agus cuspóirí ábhartha Phlean Forbartha Chontae Lú 2015-2021.

NB 12: Limistéar Sainspéise Seandálaíoch Dhún Léire agus láithreáin seandálaíochta a chosaint. (Féach Léarscáil 5.5, Aguisín 5).

NB 13: Déanfar gach iarratas pleanála maidir leis an Limistéar Sainspéise Seandálaíoch, lena n-áirítear láithreáin seandálaíochta, a mheasúnú de réir bheartais agus cuspóirí ábhartha Phlean Forbartha Chontae Lú 2015-2021.

Caibidil 4 Bonneagar

IN 1: Éascú a dhéanamh ar sholáthar gach bonneagair, lena n-áirítear uisce, dramhaíl, iompar, fuinneamh agus cumarsáidí, is gá chun tacú leis an daonra anois agus feasta, tionscal agus bonn tionsclaíoch Dhún Léire ar shlí inbhuanaithe.

IN 2: Comhoibriú le hUisce Éireann chun leathnú agus uasghrádú bhonneagar na seirbhísí uisce a chosaint, a bhainistiú agus a chur chun cinn ar mhaithe le riachtanais todhchaí Dhún Léire a chomhlíonadh.

IN 3: Comhoibriú le hUisce Éireann agus Uisce Éireann a chur chun cinn ar mhaithe le huasghrádú a dhéanamh ar an soláthar uisce mar chuid d'aon Phlean Infheistíochta Caipitil de chuid Uisce Éireann feasta.

IN 4: Riachtanais Uisce Éireann maidir le laghdú doirteadh agus gealltanais do chaomhnú uisce agus úsáid fhreagrach na hacmhainne seo a chur chun feidhme.

IN 5: Acmhainneacht an ghléasra cóireála fuíolluisce a leathnú agus a leathnú mar chuid d'aon Phlean Infheistíochta Caipitil in Uisce Éireann sa todhchaí de réir mar a fhásann daonra Dhún Léire.

IN 6: Ach amháin má aontaítear é leis an údarás pleanála, cosc a chur le forbairt chónaithe nó saoráidí cúraim laistigh de 150 méadar d'aon ghné oibre de threalamh cóireála fuíolluisce, chun leasa shláinte an phobail.

IN 7: Forálacha Phlean Bainistíochta Réigiún an Oirthir Lár na Tíre 2015-2021 a chur chun feidhme agus tacú leo.

IN 8: A chinntiú gur gné éigeantach é bearta Chóras Inbhuanaithe Draenála Uirbí (SUDS) a chorprú i ngach forbairt. Glacfar cur chuige comhtháite i leith draenála agus beidh measúnú SUDS ag gabháil le gach togra forbartha trína ndíreofar ar chainníocht rith chun srutha, cáilíocht rith chun srutha agus tionchar ar ghnáthóg agus cáilíocht an uisce. Tá treoir maidir le dea-chleachtas ar fáil ón Staidéar Draenála Straitéisí i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus beidh ar thograí forbartha critéir dhearaidh (coigeartaithe chun coinníollacha logánta a léiriú) agus dearthaí ábhartha a chomhlíonadh.

IN 9: Coinníoll a dhéanamh de nach mór do gach iarratas ar fhorbairt, a d'fhéadfadh a bheith i mbaol ó thuille, beartais agus cuspóirí Phlean Forbartha Contae Lú 2015-2021 agus 'Planning System and Flood Risk Management – Guidelines for Planning Authorities', (Córas Pleanála agus Bainistíocht Bhaol Tuille – Treoirlínte d'Údaráis Phleanála), a d'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil a chomhlíonadh.

IN 10: Ach amháin má aontaítear é leis an Údarás Pleanála, i gcás is indéanta coimeádfar 10m ar leithead de bhruachonair saor ó fhorbairt (ach amháin le haghaidh cosán) le hais gach taobh de bhruach na hAbhann Báin ar mhaithe le gnáthóga a chosaint, cáilíocht amhairc agus taitneamhachta, riachtanais rochtana maidir le cothabháil, maolú tuille agus riachtanais caitheamh aimsire. Ba chóir aon chosán a shuí 6m ar a laghad ó bharr chiumhais na habhann.

IN 11: Córais screamhuisce a bhainistiú ar shlí inbhuanaithe agus coinníoll a dhéanamh de nach mór d'fhorbairtí nua córais draenála screamhuisce a sholáthar, córais a dearadh de réir phrionsabail Chóras Inbhuanaithe Draenála Uirbí (SUDS).

IN 12: Na moltaí a rinneadh i bPleananna Bainistíochta Dhúiche Abhantraigh do Dhúiche Abhantraigh nEathach - na Banna (RBDMP) a mhéad a bhaineann siad le Dún Léire nó aon RBDMP a ghlactar dá éis le linn shaolré an Phlean Limistéir Áitiúil a chur chun feidhme.

IN 13: An limistéar ag aomhal R132 agus an R170 a ailíniú chun slí a dhéanamh do ghluaiseacht shábháilte trácht coisithe, trácht feithiclí agus páirceáil a rialú agus soláthar a dhéanamh d'áiseanna feabhsaithe d'úsáideoirí iompair poiblí.

IN 14: Soláthar bóithre agus slite isteach nua a éascú, a theastóidh chun tailte a oscailt ar mhaithe le tréscailteacht a fheabhsú. Taispeánann Léarscáil Cuspóirí 5.6 (Aguisín 5) na príomhphointí/príomhshlite isteach d'fheithiclí a chosnófar chun forbairt chuimsitheach na dtailte seo a chumasú. Ní léarscáil deifnídeach é seo.

IN 15: Beidh gach togra forbartha ar bhóithre agus ar shráideanna uirbeacha, mar a shainítear iad sa Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus do Shráideanna Uirbeacha faoi réir na bhforálacha atá cuimsithe ann, agus beidh forbairt i ngach áit eile faoi réir an Lámhleabhair Dearaidh do Bhóithre agus do Dhroichid.

IN 16: Chun rothaíocht a chur chun cinn mar mhód iompair inbhuanaithe indéanta do gach ball den phobal trí lánáil rothaíochta a sholáthar i ngach forbairt nua, agus chun prionsabail an Chreata Beartais Náisiúnta Rothaíochta (2009) agus an Treoir um Dhea-Chleachtas Trédhearcachta (2015).

IN 17: Chun nascacht fheabhsaithe a éascú agus a thacú trí líonra bealaí coisithe agus rothaíochta idir suíomhanna forbartha gar dá chéile agus ar fud an bhaile, mar a shonraítear i Léarscáil Cuspóirí 4.1, Aguisín 5.

IN 18: Déanfar gach iarratas ar fhorbairt de réir bheartais agus chuspóirí ábhartha Phlean Forbartha Chontae Lú 2015-2021, mar a bhaineann sé le soláthar bonneagair coisithe agus rothaíochta.

IN 19: Chun imscrúdú a dhéanamh, i gcomhar le Bus Éireann agus oibreoirí bus eile, ar a indéanta a bheadh sé an córas iompair poiblí a leathnú.

IN 20: Seirbhísí iarnróid feabhsaithe do cheantair lár agus dheisceart Lú a fháil, i gcomhar le hIarnród Éireann.

IN 21: Imscrúdú a dhéanamh ar sholáthar carrchlóis/carrchlós chun comhdhlúthú lár an bhaile a chur chun cinn agus le cinntiú go mbíonn dromchla, marcálacha, soilsiú, comharthaí poist leordhóthanacha i ngach carrchlós agus soláthar carrpháirceála a dhéanamh do dhaoine ar shoghluaisteacht laghdaithe nó lagaithe.

IN 22: Comhlíonadh na gcaighdeán carrpháirceála, mar ata sonraithe i gCaibidil 8 den Phlean seo, a cheangal.

IN 23: Déanfar gach iarratas ar fhorbairt de réir bheartais agus chuspóirí carrpháirceála Phlean Forbartha Chontae Lú 2015-2021, mura ndéantar a mhalairt de sholáthar sa phlean seo.

IN 24: Déanfar gach iarratas maidir le teileachumarsáid, leathanbhanda agus struchtúir ghaolmhara tacaíochta de réir bheartais agus chuspóirí ábhartha Phlean Forbartha Chontae Lú 2015-2021, mura ndéantar a mhalairt de sholáthar sa phlean seo.

IN 25: Soláthar leathanbhanda ar ardchaighdeán agus bonneagar teileachumarsáide a fháil ar mhaithe le fás agus iomaíochas eacnamaíoch a chur chun cinn.

IN 26: A cheangal ar gach iarratas i nDún Léire, lena n-áirítear do thithe aon uaire, a léiriú go gcomhlíonfar 25% ar a laghad de riachtanais fuinnimh gach foirgnimh ó fhoinsí in-athnuaite. Ba chóir do shaineolaí cáilithe agus creidiúnaithe é sin a ríomh ar bhonn modh ceadaithe.

Caibidil 5 Forbairt Eacnamaíoch & Fostaíocht

EDE 1: Leanúint de Dhún Léire a chur chun cinn mar láithreán iomaíoch agus tarraingteach ina bhfuil dóthain tailte atá oiriúnach d'fhorbairt eacnamaíoch sa todhchaí feadh Chonair Eacnamaíoch an Oirthir.

EDE2 Tailte leordhóthanach agus oiriúnach a fhorchoimeád chun deiseanna nua agus breise fostaíochta a chruthú laistigh de limistéar an Phlean, lena n-áirítear le haghaidh úsáidí tionsclaíocha, tráchtála agus miondíola.

EDE 3: Coinníoll a dhéanamh d'fhorbairt úsáidí measctha a sholáthar de réir úsáidí ceadaithe laistigh de lár an bhaile agus a chinntiú nach ionann an chomhpháirt chónaithe agus níos mó ná 50% den achar iomlán urláir i bhforbairt bheartaithe.

EDE 4: Dul i mbun oibre i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí forbartha sa Chontae chun forbairt eacnamaíoch, fiontraíocht, nuáil, taighde agus forbairt agus fostaíocht a chur chun cinn.

EDE 5: Coinníoll a dhéanamh de go ndéanfaí tailte tionsclaíocha agus tráchtála a fhorbairt ar chaighdeán an-ard i suíomhanna ar stíl campais, rud a chomhcheanglódh aeistéitiúlacht agus fiontraíocht de réir na gcaighdeán atá leagtha amach i gCaibidil 8 den Phlean seo agus i gCaibidil 6 de Phlean Forbartha Contae Lú 2015-2021.

EDE 6: Crios maolánach nach lú ná 15 méadar ar leithead a sholáthar mar a dtagann talamh tionsclaíoch agus talamh íogair eile le chéile.

EDE 7: Ról Dhún Léire mar phríomhionad seirbhíse miondíola agus tráchtála a chaomhnú agus meascán cuí úsáidí a spreagadh, agus beocht agus inbhuanaitheacht an limistéir a chosaint ag an am céanna.

EDE 8 Ról Ionad an Bhaile a neartú trí shrian a chur le hathrú úsáide ó mhiondíol go geallghlacadóirí, siopaí beir leat, stuaí siamsaíochta nó éadain eile neamhghníomhacha agus forbairt bhreise ar éadain mhiondíola a spreagadh.

EDE 9 Cur le cuma lár an bhaile trí dhearadh maith a úsáid i ngach forbairt lena n-áirítear aghaidheanna nua siopaí.

EDE 10: A chinntiú go gcomhlíonann iarratais ar fhorbairt mhiondíola forálacha Straitéis Mhiondíola Lú agus Caibidil 6 de Phlean Forbartha Contae Lú 2015-2021.

EDE 11: Cur chun cinn fhéidearthachtaí turasóireachta an bhaile a chur chun cinn agus sócmhainní agus tarraingtí turasóireachta Dhún Léire a fheabhsú.

EDE 12: Dún Léire a dhéanamh níos tarraingtí i ngach slí do thurasóireacht agus do chuairteoirí, lena n-áirítear taitneamhacht amhairc an bhaile agus an tslí isteach ann a bhreisiú trí shaoráidí nua nó

saoráidí leathnaithe do thurasóirí a spreagadh, lena n-áirítear cóiríocht, tarraingtí agus gníomhaíochtaí den scoth do thurasóirí.

Caibidil 6 Saoráidí agus Taitneamhachtaí Pobail

CFA 1: Comhoibriú le gníomhaireachtaí eile chun soláthar saoráidí nua, feabhsaithe agus ilfheidhmeacha a éascú agus a thacú ar fud an bhaile, saoráidí atá sábháilte agus a mbeidh teacht éasca orthu ag daoine i ngach aoisghrúpa agus ó gach cúlra.

CFA 2: Cosc a chur le forbairt nó athrú úsáide i gcás spásanna oscailte, páirceanna poiblí, páirceanna imeartha, tailte spóirt agus spásanna oscailt áitiúla a dhéanadh cúngracht ar na taitneamhachtaí riachtanacha seo.

CFA 3: Comhoibriú leis an Roinn Oideachais agus Scileanna chun soláthar saoráidí breise oideachais a spreagadh agus na scoileanna atá ann a leathnú chun riachtanais an bhaile agus an cheantair máguaird a chomhlíonadh, de réir na treorach ábhartha náisiúnta.

CFA 4: Spreagadh a thabhairt do leathnú na saoráidí míochaine agus sláinte chun riachtanais an bhaile agus an cheantair máguaird a chomhlíonadh.

CFA 5: Forbairt spásanna oscailte, páirceanna poiblí agus siúláin cois abhann a thacú agus a chur chun cinn, mar atá aitheanta ar Léarscáil Cuspóirí 4.1 Aguisín 5 faoi réir acmhainní a bheith ar fáil.

CFA 6 Saoráidí caitheamh aimsire agus spóirt atá anois ann agus cinn bheartaithe a thacú agus a chur chun cinn ar aon dul le beartais agus cuspóirí i ndoiciméid ábhartha rialtais.

Caibidil 8 Prionsabail Dearaidh agus Caighdeáin Bainistíochta Forbartha

DP 1: Maidir le prionsabail dearaidh agus caighdeáin bainistíochta forbartha, déanfar gach forbairt de réir na mbeartais agus na gcuspóirí atá leagtha amach sa chaibidil agus i bPlean Forbartha Contae Lú 2015-2021.

DP 2: Chun Airteagal 6(3) den Treoir AE maidir le Gnáthóga, agus chun measúnú cuí a dhéanamh ar aon phlean nó tionscadal a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar láithreáin Natura 2000, cibé go díreach, go hindíreach nó i gcomhcheangal le pleananna nó tionscadail eile, chun bonn a chur le cinnteoireacht.

Beartais bhonneagair ghlais atá cuimsithe i nDréachtphlean Limistéir Áitiúil Dhún Léire 2017-2023

NB 6: Chun Líonra an Bhonneagair Ghlais i nDún Léire a chosaint, a bhreisiú agus a fhorbairt tuilleadh, agus na naisc éiceolaíocha go dtí an líonra mórthimpeall a neartú.

NB 7: Chun Líonra an Bhonneagair Ghlais a chur chun feidhme in aon mheasúnú ar thograí forbartha chun tionchar diúltach ar nascacht éiceolaíoch Dhún Léire a sheachaint.

NB 8: An Bonneagar Glas a choimeád agus a iomlánú mar chomhpháirt riachtanach de dhearadh gach forbairtí nua agus scoilteadh an líonra a mhaolú.

NB 9: Déanfar gach iarratas ar fhorbairt de réir bheartais agus chuspóirí ábhartha an Bhonneagair Ghlais atá cuimsithe i bPlean Forbartha Chontae Lú 2015-2021.

